MACHNAMH NEAMHSPLEÁCH
COMH-MHIAN

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

PLEAN STRAITÉISEACH 2017–2022



“Is ollscoil sinn atá sa phobal, a thagann ón bpobal agus a fhreastalaíonn ar an bpobal agus atá dírithe ar luach a sholáthar ar shlí atá iontaofa agus trédhearcach.”

AN tOLLAMH PATRICK G. O’SHEA
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

Plean Straitéiseach 2017–2022

COLÁISTE NA HOLLSCOILE CORCAIGH
Bóthar an Iarthair, Corcaigh.
Teil: +353 (0)21 490 3000
www.ucc.ie

An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta
Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Teil: +353 21 490 3105 www.ucc.ie/ga/igl/
a chur an leagan Gaeilge seo ar fáil.

VERMILION
Grianghrafadóireacht le *Andrew Bradley, Emmet Curtin, Diane Cusack, Mike Hannon, Jason Keane, Clare Keogh agus Tomás Tyner*

Clár Ábhar

Réamhrá 03

Próifíl 2017 06

Feidhmíocht le linn Tréimhse an Phlean Straitéisigh 2013 - 2017 10

Timpeallacht Sheachtrach 16

Próiseas, Pleanála agus Cur i bhFeidhm 18

Fís, Misean agus Luachanna 20

Spriocanna Straitéiseacha 22

Bearta Tosaíochta 24

Straitéisí, Bearta agus Spriocanna 26

> Cuirfidh an meon cruthaitheach atá ionainn ar chumas chomhluadar na hollscoile bheith fiontraíoch ag cruthú níos mó luacha ná mar a chaithimid ar mhaithe le sláinte morálta, cultúrtha agus eacnamaíoch ár muintire.

AN tOLLAMH PATRICK G. O'SHEA
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Réamhrá an Uachtaráin

Ollscoil uaillmhianach isea COC le hoidhreacht ársa agus fócas nua-aimseartha.

Ag leanúint le spiorad Fhionnbarra, a tháinig romhainn, táimid tiomnaithe don teagasc agus foghlaim, atá curtha in oiriúint inár ollscoil nua-aimseartha trí scoláireacht chruthaitheach agus tuiscint ar mhaithe le cách.

Múinimid ár mic léinn chun ábhar a bhreathnú agus a cheistiú, chun ábhar a aithint agus athmhachnamh a dhéanamh, chun anailís a dhéanamh ar ábhar agus eolas a chur I bhfeidhm, mar smaointeoirí neamhspleácha agus taiscéalaithe atá ar a gcumas na deighilt idir creidimh, polaitaíocht agus peirspictíoch atá sa domhan sa lá atá inniú ann a thuiscint agus a shárú.

Ar nós mé féin, is céimithe ollscoile den chéad ghlúin mórán dúinn, agus táimid paiseanta faoi rochtain ar ardoideachas a chinnitú. Táimid tiomnaithe go dtiocfaidh dul chun cinn níos mó ar COC mar láthair ollscoile lán le roghanna do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Cuirfidh an meon cruthaitheach atá ionainn ar chumas chomhluadar na hollscoile bheith fiontraíoch ag cruthú níos mó luacha ná mar a chaithimid ar mhaithe le sláinte morálta, cultúrtha agus eacnamaíoch ár muintire. Is ollscoil sinn atá sa phobal, a thagann ón bpobal agus a fhreastalaíonn ar an bpobal agus atá dírithe ar luach a sholáthar ar shlí atá iontaofa agus trédhearcach.

Táimid tiomnaithe i leith luachanna acadúla a chaomhnú agus prionsabail i leith rialachais chomhroinnte, trédhearcacht, ionracas, comhionannas agus cothroime. Cothaíonn éagsúlacht na goirt torthúla ina fhásann smaointe iontacha. Dá bhrí sin, táimid tiomanta i leith éagsúlacht smaointeoireachta, perspictíochta, cúlra, eitneachta a chur chun cinn agus pobail a chuimsíonn cultúir a thógáil laistigh de agus mórthimpeall COC.

Dá bhfiafróimis cad a bhí ó dhaoine sa saol le linn ré Fhionnbarra, is iad na nithe isdócha a luaifí ná fáil a bheith ag daoine ar leigheas, dídean, cothú agus breosla, agus a bheith ag maireachtáil i sochaí cóir ina mbeidis sábháilte agus saor. Is iad sin na spriocanna atá fós ag daoine sa lá atá inniu ann ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta, agus tá sé mar dhualgas orainn na spriocanna seo a chur i gcrích don chine daonna anois agus don todhchaí.

Ní fiú brionglóidí uaillmhianacha marach na hacmhainní chun iad a chur i gcrích. Táimid tiomnaithe mar sin, chun na hacmhainní a fháil chun ár gcumas daonna agus fisiciúil a fhás chun na spriocanna seo a chomhlíonadh, agus chun ligint dúinn a bheith solúbtha i dtaobh dheiseanna éiritheacha a thapú.

Is am dearfach é seo do COC agus don tír. Seo am inar féidir linn ár gclár straitéiseach a fhorbairt níos mó ar na bunúis láidre atá leagtha síos ag ár bhfoireann agus ag ár n-uachtaráin is déanaí Michael Mortell, Gerry Wrixon agus Michael Murphy.

Tá díograis agus uaillmhian le brath agus go mór chun tosaigh i COC. Tá marthanacht agus tiomantas den scoth léirithe againn maidir le barr feabhais agus seirbhís. A bhuí leis an dtiomantas, paisean, agus éacht sin, is ea a leanfaidh COC lena theacht chun cinn i measc mór-olllscoileanna an domhain.

AN tOLLAMH PATRICK G. O'SHEA
Uachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

MACHNAMH NEAMHSPLEÁCH
COMH-MHIAN

Próifíl 2017

2%

Tá COC suite sa 2% atá chun cinn ar ollscoileanna an domhain.

€96m

Sa bhliain 2016, bhain COC maoiniú taighde dar luach breis agus €96m.

31,000

Bhronn COC céimeanna ar 31,000 mac léinn ó 2012 go 2016.

1ú

An chéad Campas Glas ar domhan, a bronnadh sa bhliain 2010.

94%

Sa bhliain 2017 bhí breis agus 94% dár gcéimithe fostaithe nó i mbun staidéir.

16%

Tagann 16% dár mic léinn ó lasmuigh d'Éirinn.

21,000

Sa bhliain 2016 i COC bhí 15,000 fo-chéimí, 4,400 iarchéimií agus 2,800 aosach san oideachas leantach trasna ar chláir fochéime agus ar chláir iarchéime maraon le cúrsaí gearra.

1ú

1ú áit i dtéarmaí ioncaim thaighde ó fhoinsí tionscail in Éirinn dar le Suirbhé KTI 2016.

Próifíl 2017

Tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC) sa 2% atá chun cinn ar ollscoileanna uile an domhain. Is ollscoil thaighde agus mac léinn-lárnaithe idirnáisiúnta den chéad leibhéal í. Ó 1845, is í COC an ollscoil chuimsitheach i ndeisceart Éireann. Sa lá atá inniu ann is ollscoil lárnaithe ar thaighde agus dírithe ar an domhan í COC. Soláthraíonn an ollscoil réimse iomlán disciplín chun freastal ar mhic léinn réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Meallann COC líon ollmhór de na daltaí meánscoile a ghnóthaíonn na marcanna is fearr i gcomparáid le hollscoileanna eile. Soláthraíonn an ollscoil cláir sna healaíona, sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta, sa ghnó, sa dlí, san innealltóireacht, san ailtireacht, san eolaíocht, san eolaíocht bia, sa leigheas, sa bhfiaclóireacht, sa choigisíocht, sa bhanaltracht, agus na teiripí cliniceacha. Tá COC tiomnaithe don bhforbairt trí chomhoibriú idirdhisciplíneach.

Tá 21,000 mac léinn i COC. Ina measc tá tá 15,000 i gcláir fhochéime, 4,400 i staidéar agus taighde iarchéime, agus 2,800 mac léinn fásta sa chianoideachas trasna cláir fochéime, cláir iarchéime agus cúrsaí gearra. Tá 3,300 mac léinn idiránisiúnta, as níos mó ná 100 tír ar fud an domhain.

Tá cláir fhor-rochtana ag COC i mbreis agus 40 suíomh go náisiúnta. Le foireann de 2,800, tá an ollscoil ar cheann de na fostaitheoirí is mó sa réigiún.

Tugann COC tús áite don taighde i réimsí atá rí-thábhachtach ar leibhéal idirnáisiúnta. Cruthaíonn sé seo tionchar mór sa phobal lasmuigh den ollscoil. Tá cáil dhomhanda ar thaighde COC sa bhia agus sláinte, sa fótónaic, agus sa leigheas imbhreithe ach go háirithe. Tá roinnt de na hionaid thaighde is fearr in Éirinn bunaithe i COC. Ina measc an Institiúid Taighde Náisiúnta Tyndall (micreacórais, fótónaic, nanaitheicneolaíocht) agus an Institiúid Microbiome APC (sláinte an bhia, bianna feidhmiúla) a aithnítear mar cheannairí domhanda. Déanann an Institiúid Taighde Comhshaoil taighde ar ghníomhú ar son na haeráide, sochaí inbhuanaithe agus geilleagar ciorclach.

Ó 1845, is í COC an ollscoil chuimsitheach i ndeisceart Éireann. Inniu, is ollscoil í COC atá lárnaithe ar thaighde agus dírithe ar an domhan.

Feidhmíocht le linn Tréimhse an Phlean Straitéisigh 2013 - 2017

Tá an plean straitéiseach is déanaí de chuid COC bunaithe ar thaibhiú an phlean straitéiseach don tréimhse cúig bliana *Plean Straitéiseach 2013-2017*. Le linn na tréimhse seo, léirigh COC a tiomantas dá príomh-spriocanna acadúla maidir le deiseanna den scoth a chur ar fáil do mhic léinn agus leanúint leis an taighde inniúlach. Baineadh na spriocanna seo amach i dtréimhse ina raibh maoiniú poiblí don ardoideachas ag titim go suntasach. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa tréimhse 2013-2017.

TEAGASC, FOGHLAIM AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Chuir COC feabhas ar a cáil mar shár-ollscoil de bharr eispéireas an mhic léinn. Tá ár ráta coinneála tar éis méadú go 92% toisc cúram á dhéanamh againn do mhic na chéad bhliana, ráta coinneála atá i bhfad ós cionn na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. D'ardaíomar líon na mac léinn a ghlacann páirt i socrúchán mar chleachtadh in aghaidh na bliana faoi 15%. Ghlac níos mó ná 4,300 mac léinn i 90% dár gcláir bhunchéime páirt i socrúchán mar chleachtadh i láthair oibre cliniceacha agus idirnáisiúnta in 2017. Bhí iomlán de 94.5% de chéimithe i bhfostaíocht nó ag déanamh staidéir leanúnach in 2017. Is leibhéal an-ard é seo go stairiúil agus tá sé thar an meánlíon don earnáil.

Is í COC an insititiúid ardoideachais is ceannródaí maidir le cuimsiú sóisialta agus comhionannas rochtana de réir shonraí an Údaráis um Ard-Oideachas 2017. Tá líon níos mó mic léinn ó ghrúpaí mionlacha ag déanamh staidéir i COC ná in aon insitiúid ardoideachais eile in Éirinn. Sa bhliain 2016, tháinig 26% de thógáil isteach mac léinn ó bhealaí Access. Táimid fós ag sárú ár spriocanna náisiúnta maidir le hoideachas páirt-aimseartha agus so-lúbtha a chur ar fáil, ach go háirithe tríd an Ionad Aosaoideachais Leanúnach (ACE). In 2016-2017, chláraigh ós cionn 25% de mhic léinn bunchéime do chúrsaí páirtaimseartha.

Sa bhliain 2014 tugadh isteach Clár Quercus na Mac Léinn. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus barr feabhais a chur chun cinn sa saol acadúil, sa spórt, sna healaíona cruthaitheacha agus taibhiúcháin, sa saorántacht ghníomhach, agus nuálaíocht nó fiontraíocht i measc mic léinn fochéime agus mic léinn atá cláraithe cheana féin. Sa bhliain 2017, tugadh Scoláireachtaí Acadúla Quercus do mhic léinn iarchéime chomh maith.

Sa bhliain 2015 bunaíodh an Centre for the Integration of Research, Teaching and Learning chun caighdeán teagaisc i COC a fheabhsú. Is ceannairí sinn sa réimse seo anois: tá cáilíocht ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann sa Teagasc agus Foghlaim ag breis is 70% den bhfoireann acadúil. Is é COC an t-aon institiúid in Éirinn a chuireann roghanna staidéir solúbtha ar fáil ar line le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach don bhfoireann teagaisc ardoideachais. Cuireann sé seo lenár gcumas ríomhfhoghlaim. Sa bhliain 2017 chuaigh COC i bpáirt leis an gcéad Fóram Eorpach don Teagasc agus Foghlaim. Tá sé mar aidhm ag an bhfóram seo polasaí forbartha a threorú i dtírdhreach foghlama atá ag síor-athrú.

Sa bhliain 2015 bhunaigh COC Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS) chun oideachas gnó agus taighde a neartú. Sa bhliain 2016 chuaigh an ollscoil i mbun a feachtais earcaíochta ba mhó in aon áit amháin, agus d'fhostaigh an ollscoil deich ollamh don CUBS. Anuas ar sin in 2016, ghlac COC seilbh ar an bhfoirgneamh ársa Banc Coigiltis Chorcaí ar Lapps Quay i gcroílár na cathrach. Cabhróidh an t-athchóiriú le hoideachas feidhmeannach. Ghlac COC seilbh ar an Institiúid Bainistíochta Éireann (IMI) in 2016 chomh maith tar éis seacht mbliana de chomhaontas straitéiseach. Is é an IMI an t-aon institiúid gnó Éireannach sa rangúchán i measc na soláthróirí idirnáisiúnta d'oideachas feidhmeannach oiriúnaithe sa rangúchán oideachas feidhmeannach de chuid an Financial Times 2017. Tá an ollscoil sa 54ú áit

go hidirnáisiúnta agus sa 25ú áit san Eoraip i rangúchán na gclár. Tá sí sa 54ú áit go domhandaagus sa 25ú áit san Eoraip ó thaobh rangú na gclár.

Tá deiseanna foghlama idirdhisciplíneacha nua cruthaithe ag COC do mhic léinn tríd an BA sna Daonnachtaí Digiteacha agus sa Teicneolaíocht Faisnéise, an BA sa Coireolaíócht agus an BCL (Dlí agus Gnó).

TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS FIONTRAÍOCHT

Rinne COC daingniú go hiomaíoch ar mhaoiniú taighde ar luach €96.4 milliún in 2016. Tháinig méadú de 21% thar tréimhse 5 bliana, an méid is mó riamh don Ollscoil. Rinneamar éagsúlú ar ár n-achmhainní maoiniú taighde, tar éis €30.1 milliún a aimsiú ó ioncam neamh-stáit in 2016, a mhéadaigh 52%. Is é an stráitéis atá ag COC ná chun cumasú ar thaighde den scoth in Ionaid mórchúiseach Barr Feabhais. Sa bhliain 2013, d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) an clár taighde ionaid FEE, an infheistíocht comheastáit/taighde tionsclaíochta is mó i stair na hÉireann. Ón dáréag ionaid thacaíochta, tá COC i gceannnas ar cheathrar, i leath-cheannas ar cheann amháin agus i bpáirtnéireacht le seisear eile. Bronnadh infheistíocht SFI de gheall le €100 milliún ar COC.

€96m

Rinne COC daingniú go hiomaíoch ar mhaoiniú taighde ar luach €96.4 milliún in 2016.

Is iad na hionaid thaighde SFI treoraithe ag COC ná:

- **Institiúid Micreabhithóm APC** (bia agus sláinte)
- **Ionad Taighde Aistritheach Féatach agus Nua-Naíoch Éireann** (INFANT – sláinte imbhreithe)
- **Ionad um Fuinneamh In-Athnuaite Mara na hÉireann (MaREI)** (MaREI ag an Institiúid Taighde Comhshaoil – fuinneamh mara agus in-athnuaite)
- **Ionad Comhtháite Fótónaice na hÉireann** (IPIC ag Institiúid Náisiúnta Tyndall – fótónaic)
- **Ionad Taighde Anailíseach agus Sonraíocht Mhór na hÉireann** (INSIGHT, Taighde Anailíseach agus sonraíocht mhór), faoi chomh-cheannas le NUIG, UCD agus DCU

Táimid ag daingniú maoiniú os cionn an mheáin Horizon AE 2020. Ó Mhárta 2017, fuaireamar €42.8 milliún faoin gclár seo. Leanann COC ag daingniú an leibhéil maoiniú taighde is airde in Éirinn in aghaidh an scoláire de réir an HEA.

In 2015, chuir COC an dara athbhreithniúcháin ar fud na hollscoile i gcríoch bunaithe ar an gcailíocht aschuir agus feidhmiúcháin i leith chaighdeáin aitheanta go hidirnáisiúta. Bhí an cleachtadh seo suntasach le haghaidh an scála, le hearcaíocht saineolaithe sinsearacha idirnáisiúnta san áireamh: painéal de 15 cathaoireacha, 69 cathaoireacha leas-dhisciplíneach agus 245 athbhreithneoirí cianda: Bhí 97% de na hathbhreithneoirí idirnáisiúnta, le 49% de hathbhreithneoirí ag teacht ó Ollscoileanna sa Russell Group. Léiríonn na scóranna taighde ar atbhreithniú piara go bhfuil an caighdeán aonaid ag fáil árd-mharcanna ag cur taighde de cháilíocht idirnáisiúnta ar fáil tar éis méadú de 13% idir 2009 agus 2015. Tá láidreacht le feiscint in oideachas céimithe, tar éis na scóranna aonaid is airde a shroichint agus ag léiriú go bhfuil níos mó ná dhá thrian de na haonaid a bhí athbhreithnithe iomaíoch ar fud an domhain ar an bparaiméadar seo.

Tá foireann agus mic léinn ag díriú go hiomlán ar fhiontraíocht agus nuálaíocht. Ó 2013, bunaíodh 11 comhlachtaí nua d'árd-chumas (HPSU) mar thoradh ar infheistíocht COC sa

taighde. Ar an iomlán mar sin tá 40 comhlachtaí tairseach COC agus is é iomlán na bpost ná 240. Cruthaíodh breis is 200 postanna i gcomhlachtaí nua céimithe tré Chlár COC IGNITE ó 2012. D'aithin an Coimisiúin Eorpach cur chuige agus torthaí nuálacha IGNITE ag an mbronnadh Fiontraíocht Eorpach sa bhliain 2016. Sa bhliain 2015 bunaíodh an Long Fiontraíochta, an chéad ghorlann gnólachta le haghaidh comhlachtaí fuinnimh agus mara (Ionad MaREI). In 2016, bunaíodh an ceap láinseála Blackstone. Cuireann sé seo tacaíocht ar fáil do mhic léinn, don bhfoireann agus do chéimithe le haghaidh chruthaitheacht fhiontraíoch. Ón mbliain 2016 tá modúl oideachais fiontraíochta 'Cruthú Fiontair Nua' ar fáil anois do mhic léinn agus tá sé ró-shuibscíofa.

Sa bhliain 2013, bronnadh an gradam creidiúnú HR Feabhas sa Taighde ar COC. Léiríonn sé seo an dul chun cinn atá déanta ag an ollscoil maidir le tacaíocht a thabhairt do thaigheoirí, le Cláir PhD struchtúrtha nua san áireamh chomh maith leis an Fostaíocht Ollscoile agus Bainistíocht Gairm Bheatha Struchtúrtha do Thaighdeoirí.

COMHPHÁIRTÍOCHTA RÉIGIÚNACHA AGUS POBAIL

Táimid tar éis ár rannpháirtíocht lenár bpáirtnéirí oideachais sa réigiún a neartú. Cabhraíonn an Gréasán Droichid Feadhnacht ade COC, Institúid Teicneolaíochta Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Teasgasc páirtnéireacht le tráchtálú ar thaighde á thráchtáiliú agus le aistriú teicneolaíochta. In 2015, chuaigh COC i bpáirtnéireacht le CIT, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, an Bord Traenála agus Oideachais agus eagraíochtaí fostóra chun an fóram Scileanna Réigiúnach Thiar Theas a bhunú. Is é an sprioc atá aige seo ná freastal ar theastálacha scileanna atá ag an réigiún. Sa bhliain 2015, shín COC meamram tuisine chun Forógra ar thógáil cathaireacha foghlama leis an gComhairle Chathair Chorcaí, CIT agus Bord Oideachais agus Traenála Chorcaí a chur chun cinn. Bhí Corcaigh mar óstach do Chomhdháil Idirnáisiúnta UNESCO ar Chathracha Foghlama in 2017 mar chuid den tionscnmh Cathair Fhoglama.

Le comhaontas idir COC, ITC agus Seirbhís Cabhlaigh na hÉireann, táimid ag obair chun féidearthacht Cuan Chorcaí a fhorbairt mar shuíomh treoraithe-domhanda le haghaidh taighde mara agus fuinnimh. Sa bhliain 2015, chur COC forbairt agus fostaíocht an Foirneamh Beaufort i gcríoch, mar chuid den ERI agus mar bhaile don Ionad MaREI ag an gcuan. Sa bhliain 2016, rinne an Scoil Dlí láinseáil ar LLM sa Dlí Mara agus muirí le seirbhís Mara na hÉireann agus LLM sa Dlí Timpeallachta agus Nádúrtha. Chomh maith le sin bhunaigh sé Ionad le haghaidh Dlí agus an Timpeallacht.

Tá COC mar pháirtnéir don Ghréasán Náisiúnta Campus Engage le haghaidh cur chun cinn rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail mar fheidhm léarnach an Ardoideachais in Éirinn. Cabhraíonn Campus Engage le foirne agus le mic léinn i ngach disciplín chun dul i ngleic le riachtanais an phobail. Tá seacht n-ollscoil na hÉireann agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath san áireamh ann. De réir shuirbhé ó 2016, oibríonn dhá thrian d'fhoireann COC le breis is 200 eagraíochtaí go háitiúil ar thaighde bunaithe ar an bpobal, foghlaim bunaithe ar an bpobal, obair dheonach agus gníomhaíochtaí malartú eolais. Sa bhliain 2016, sháraigh COC a aidhm chun 50 tionscnaimh a chur i gcrích faoin tionscnaíocht Community-Academic Research Links (CARL) chun cabhrú le mic léinn tabhairt faoi tionscnaimh thaighde a phléann saincheisteanna sa soal dáiríre atá curtha isteach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta áitiúla. Tá ár dtionscnaíocht céimithe shóisearaigh ag cur COC ar fáil do bhreis is 70,000 páiste bunscoile, le 50,000 sa chúig bliain atá curtha dínn. Is treoíocht uathúil é seo de rannpháirtíocht shibhialta na hollscoile.

RANNPHÁIRTÍOCHT FHIONTRAÍOCHTA AGUS AN TIONCHAR EACNAMAÍOCHTA

31,000

Bhronn COC céim ar 31,000 mac léinn Idir na blianta 2012 agus 2016.

Is é an cion tairbhe is mó atá ag COC don bhfiontraíocht agus don sochaí ná líon na gcéimithe atá cáilithe gach bliain. Rinne an ollscoil cumasú ar fhás eacnamaíochta náisiúnta tar éis 31,000 mic léinn a chéimiú idir 2012 agus 2016, le 11,000 ag leibhéal Iar-chéimithe agus breis is 1,100 céimithe dhochtúra.

Sa bhliain 2014, d'éirigh leis na rátaí fostaíochta an bhuaic chéanna a shroicint le 2006. Le 6,500 céimithe sa bhliain 2016, tá breis is 1,500 céimithe ag teacht ó COC go bliaintiúil ná mar a bhí ann sa bhliain 2012, agus tá an ollscoil ag baint ráta gan choinne amach i bhfostaíocht céimithe ag an am céanna.

Is fiú timpeall €800 milliún tionchar eacnamaíochta na hollscoile go bliantúil. Tacaíonn 24,000 mac léinn agus foireann COC le breis is 3,000post san eacnamaíocht áitiúil. Tagann aon trian den 2,800 sa foireann ollscoile ó thar lear. Cuireann siad, chomh maith mic léinn eachtracha COC, le daonra ilghnéitheach Chorcaí. Tá an daonra is idirnáisiúnta in Éirinn ag an gcathair anois mar choinroinn an daonra iomlán.

Tá an ollscoil tar éis ailíniú a dhéanamh ar na cúrsaí le clár folaigh scileanna náisiúnta trí 39 cláir Springboard HEA maoinithe ag an Rialtas. Cuireann siad seo traenáil agus deiseanna foghlama ar fáil do chuardaitheoirí poist chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna nó breis scileanna a fhoghlaim in áiteanna ina bhfuil easpa scileanna ann.

Idir 2013 agus 2015, chur COC mol sláinte nuálach ar fáil le haghaidh cruthúnas poist i dteicneolaíocht leighis agus cúram sláinte agus fiontraíocht beag agus mór i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí Rialtais.

Chuir an mol saineolas tionsclaíochta san áireamh agus iad ag táirgeadh earraí agus seirbhísí ionas go raibh siad in ann torthaí a fheabhsú agus costasaí a n-isliú i seachadadh cúram sláinte náisiúnta. Mar thoradh ar seo, roghnaíodh COC mar shuíomh mol Sláinte nuálach náisiúta na hÉireann sa bhliain 2015.

Ón bhliain 2013, shín COC 365 conraí taighde tionscadail agus bhí siad mar chomúdar le haghaidh 364 foilsiúchán le 100 corporáid. (foinse: SciVal). Is iad na comhpháirtíochtaí tionscadail suntasacha ná comhpháirtnéireacht taighde le comhlachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha i seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht eolais agus cumarsáide (ICT), agus na hearnálacha cógaisíochta, bia, fearais leighis agus cúram sláinte.

Glacann COC páirt i Nuáil Chorcaí, páirtnéireacht le húdaráis áitiúla, Cuasán Chorcaí, CIT agus oifigí fiontraíochta áitiúla chun cabhrú le fiontraíocht agus gnólachtaí ag tosnú i réigiún Chorcaí. D'óstaigh Nuáilí Chorcaí an Global Start-up Nations Summit i Mí Dheireadh Fómhair 2016, an chéad cheann riamh san Eoraip, agus bhaineadar gaisce suntasach amach.

IDIRNÁISIÚNÚ

Tá idirnáisiúnú tar éis buntáistí suntasacha a chruthú do shaol na mac léinn.

Táimid tar éis idirnáisiúnú a dhéanamh ar an gcuraclam trí chláracha ar nós Teangacha Domhanda BA agus BA Idirnáisiúnta. Táimid fós ag tarraingt uimhreacha móra mic léinn idirnáisiúnta. Tá líon na mac léinn i COC ó lasmuigh den tír tar éis méadú ó 12% go dtí 16%.

16%

Tá líon na mac léinn i COC ó lasmuigh den tír tar éis méadú ó 12% go dtí 16%.

Sa bhliain 2017, rinne COC athnuachan ar a tiomantas don Ionad le hagaidh Forbairt Domhanda chun spreagadh a thabhairt don rannpháirtíocht ar fhorbairt idirnáisiúnta agus saincheisteanna inbhuanaitheachta domhanda. Cuireann an t-ionad fóram ar fáil le haghaidh tionscnaíochtaí forbartha domhanda agus cabhraíonn sé le comhoibriú idirdhisciplíneach.

NA HEALAÍONA, CULTÚR AGUS OIDHREACHT

Tá sé mar thraidisiún ag COC dul i dteagmháil le páirtnéirí cultúrtha. Trí Preas Ollscoil Chorcaí, Áiléar Glucksman, Dánlann Jennings agus Amharclann na Gráinsí, chur COC go mór leis an saol cúltúrtha agus ealaíona trí thaighde, cleachtadh agus foghlaim a nerartú sna healaíona cruthaitheacha. Ó 2010, tá an clár ceoil FUAIM ag COC ag treorú gníomhaíocht chultúrtha, ag neartú an cáil atá ag na healaíona cruthaitheacha i COC agus an pobal níos leithne. Le tacaíocht ón Comhairle Ealaíona, mhéadaigh COC an clár ealaíontóir cónaithe. Tá cónaitheachtaí anois i scríobhnóireacht chruthaitheach, scannánaíocht, ceol traidisiúnta agus ceol claisiceach.

Sa bhliain 2015, rinne COC céiliúradh ar chomóradh dhá chéad bhliain George Boole, an chéad ollamh le Matamaitic i COC agus aireagóir ailgéabair Boole agus loighic shiombalach Boole. Sa bhliain 2016, rinneadh comóradh idirnáisiúnta ar chéad bliain an Séipéal Uí Ónáin a aithnítear mar stór ealaíona agus ceardaíochta Éireannacha na 20ú hAoise.

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLÚ AGUS CUIMSIÚ

Tá feabhas tar éis teacht ar chomhionannas inscne. Sa bhliain 2016, d'éirigh le COC gradam Athena Swan a aimsiú, an triú ollscoil Éireannach a d'aimsigh é. Tá plean gníomhaíochta SWAN COC 3 bliana á cur i bhfeidhm faoi láthair. Forbraíonn sé seo tionscnaíochtaí comhionannais eile san ollscoil, leis an gClár um Fhorbairt Cheannaireacht Aurora san áireamh, an Tionscnamh Genovate EUFP7 agus an Plean Gníomhaíochta Comhionannas Inscne Genovate ach go háirithe.

Tá COC ag baint éacht amach maidir chur chuige samplach a fhorbairt d'ollscoileanna chun dualgas earnáil phoiblí nua a chur i bhfeidhm. Bhí an dualgas reachtúil nua seo cruthaithe ag an Acht um Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannas na hÉireann 2014. Tá coistí poiblí ag teastáil – le hollscoileanna san áireamh – ionas go bhfuil breithniúcháin cearta daonna agus comhionannas san áireamh agus iad i mbun oibre.

Chur COC feabhas ar bhunaíocht Aonad Comhionannais Ilghnéitheacht agus Cuimsiú (EDI) a oibreoidh ar fhorbairt pholasaithe agus cur i bhfeidhm, comhordanáidiú ar foráil seirbhísí comhionannais, agus cur chun cinn ilghnéitheacht comhionannais agus cuimsiú ar fud na hollscoile. Cuirfidh an t-aonad EDI ceannaireacht ar fáil i bpleanáil, comhordanáidiú agus seachadadh ar tionscnaíochtaí comhionannais COC. Cuirfidh sé tuairisc ar fáil don Leas-Uachtarán Sinsearach agus an Cláraitheoir.

INFRASTRUCTÚR AGUS ACMHAINNÍ

52%

Mhéadaigh an t-ioncam ó fhoinsí neamh-státchiste ó 32% sa bhliain 2013 go dtí 52% isa bhliain 2017.

Cuireadh roinnt tionscnamh caipitiúil foirgnimh i gcrích idir 2013 agus 2017, leis an €42 milliún san áireamh do na húrláir uachtaracha de Áras an Gheata Thiar, chomh maith leis an bhfoirgneamh Beaufort ar fiú €12 milliún (taighde mara agus fuinneamh inathnuaite) agus an foirgneamh ASSERT ar chostas €6 milliún (oideachas leighis bunaithe ar ionsamhlú agus taighde), ag cur 16,500m2 lenár n-áiseanna. Chuir COC an

plean mór i gcrích maidir le háiseanna spóirt agus daingniú ar chead pleanála don chéad fhoirgeamh i bPáirc Nuálaíochta agus Eolaíochta Chorcaí. Sa bhliain 2016, ghlac COC seilbh ar 12 acra faighte in Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath, agus ceannaíodh an IMI, ag tabhairt an iomlán acra de champais COC go dtí 215 acra.
Tá foinsiú maoiniúcháin don Ardoideachas in Éirinn tar éis athrú. In ainneoin laghdú de 32% i ndeontais lárnacha maoinithe ag an Rialtas ó 2013 agus laghdú de 10% ar líon foirne chun freastal ar theastálacha Rialtais, mhéadaigh COC líon na mac léinn faoi 10%. Tá éagsúlú déanta ar ár bhfoinsí ioncaim agus táimid tar éis ár n-ioncam bliaintiúil a ardú faoi €26 milliún. Laghdaigh an ranníocaíocht ón maoiniú státchiste go dtí ioncam ó 68% i 2013 go dtí 48% i 2017.

RANGÚ AGUS CÁIL

Tá COC rangaithe fós mar cheann de na 2% d'ollscoileanna is fearr ar fud an domhain. Bhronn an Sunday Times an teideal Ollscoil na bliana ar COC le haghaidh 2016 agus 2017. Tháinig sí sa 74ú áit sa chéad rangú Reuter mar cheann des na 100 ollscoileanna is nuálaí san Eorap. Sa chleachtas U-Multimrank maoinithe ag an AE (2017), a chur suirbhé amach go 1,500 institiúid Árdoideachais i 99 tíortha, d'fheimnigh COC go láidir, ag fáil scóranna de 13 A agus 13 B thar 35 táscaire. Tá COC rangaithe mar cheann des na 200 ollscoileanna is fearr ar fud an domhain le haghaidh naoi limistéar ábhair (foinse: QS World University Rankings by Subject 2017). Tá Altranas agus Cnáimhseachas agus Cógasaíocht agus Cógaseolaíocht rangaithe sa bharr 100. Seandálaíocht, Teanga agus Litríocht an Bhéarla agus Dlí sa bharr 150. Eolaíocht Bitheolaíoch, Innealtóireacht Leictreach agus Teicneolaíocht agus Eolaíocht Bheatha agus Leigheas chomh maith céanna sa bharr 200. Bhí COC rangaithe mar an 12ú ollscoil is glaise ar domhan sa rangú Meadracht Ghlas Ollscoileanna de chuid UI sa bhliain 2016.

Timpeallacht Sheachtrach

Le bunús urbach agus díriú domhanda, bunaíonn COC a féiniúlacht ó réimse caidrimh pobail, tionsclaíochta, ealaíon agus oidhreachta ar fud Chúige Mumhan, ag síneadh ón Mhuir Éireann go dtí an Aigéan Atlantach.

Tá COC suite ar an dara chuan nádúrtha is mó ar domhan agus i gcroílár fuinneamh, bia, cógaisíocht agus tionsclaíocht Teicneolaíocht Fáisnéise agus Cumarsáide na hÉireann. Déantar 25% de theastálacha fuinnimh náisiúnta i gCorcaigh agus tá ochtar as an deichniúr Comhlacht cogaisíochta is mó ar domhan bunaithe i gCúige Mumhan. Is é Cúige Mumhan an réigiún is táirgiúla le haghaidh déiríocht ar domhan agus tá na ceithre comhlachtaí bia is fearr in Éirinn lonnaithe sa chúige.

Is féidir coibhneas réigiúnach COC a fheiscint go háirithe ina caidreamh leis na ceantair éagsúla Ghaeltachta sa réigiún. Aithnítear an Ghaeltacht agus na réigiúin *Ghaeltachta* atá i gcontaetha Chorcaí, Phort Láirge agus Chiarraí mar chuid lárnach d'oidhreacht na hollscoile, agus mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht na hollscoile a ghintear trí chompháirtíochtaí cruthaitheacha.

4

Is é Cúige Mumhan an réigiún is torthúla ar domhan i dtéarmaí táirgiúlachta déiríochta le 4 de na barr-chuideachtaí bia lonnaithe sa chúige.

Tá COC tiomanta d'aidhmeanna Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus tiomanta don Ghaeilge a chaomhnú mar riachtanas máithreánach. Tá COC tiomanta don Ghaeilge agus na Gaeltachtaí a chosaint agus a chaomhnú, mar atá leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Oibríonn COC i dtimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta dúshlánach atá á múnlú go leanúnach ag athruithe eacnamaíochta, sóisialta, teicneolaíochta, cultúrtha agus déimeagrafacha. Is iad seo roinnt de na factóirí atá ag cruthú ár bplean ollscoile:

- Tá Ollscoileanna in Éirinn lárnach i leith treoracha straitéiseacha náisiúnta, mar is léir sa *Stráitéis Náisiúnta don Ardoideachas go 2030*.
- Sonraíítear an tábhacht a bhaineann le fairsinge deiseanna foghlama le haghaidh gach mac léinn sa *Straitéis Scileanna Náisiúnta 2025*, sa *Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030* agus sa *Phlean Gnímh don Oideachas 2016-2019,* a chabhraíonn le forbairt scileanna inaistrithe, fostaíocht a mhéadú agus meon idirdhisciplíneach a chothú.
- Tá an troid in aghaidh éagothroime inscne san ardoideachas mar thosaíocht. Tá sé seo léirithe in *Athbhreithniúcháin Náisiúnta ar Chomhionannas Inscne Institiúidí Árdoideachais na hÉireann* (Tuarascáil an tSainghrúpa, 2016).
- Tá béim leanúnach ar nuálacht agus fiontraíocht, aistriúcháin teicneolaíochta agus taighde tráchtála don bhfás athnuaite in eacnamaíocht na hÉireann, mar atá taifeadta sa *Nuálacht Rialtais 2020, Stráitéis Éireannach don Taighde agus Forbairt, Eolaíocht agus Teicneolaíocht* agus an *Plean Gnímh le haghaidh poist 2017*.
- Is tosaíocht náisiúnta í an fhorbairt eacnamaíochta faoin dtuath in Éirinn faoin bPlean Gnímh Rialtais *don bhForbairt Tuaithe 2017, 'Ár bPóitéinsiúil Tuaithe a Fhíorú'*.
- Aithnítear an maitheas a bhaineann le rannpháirtíocht sna healaíona agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha don duine aonair agus do folláine agus gaisce an tsochaí, mar atá leagtha amach i *gClár Cruthaitheach na hÉireann 2017-2022 Éire Ildánach.*

- Tá freagracht níos mó ag teastáil ón Rialtas agus ón bpobal, chomh maith le géilliúntas, buanna inmheasta agus 'luach le haghaidh airgead'. Tá maoiniú bunaithe ar fheidhmiúcháin á thabhairt isteach diaidh ar ndiaidh ag an HEA.
- Tá maoiniú ón státchiste náisiúnta chun tacú le hÁrdoideachas ag laghdú agus tá comhoibriú ag teastáil idir institiúidí chun éilimh ó iomaíocht idirnáisiúnta a shásamh.
- Tá mic léinn ag éirí níos soghluaiste an t-am ar fad. Tá iomaíocht idirnáisiúnta chun an fhoireann agus na mic léinn is fearr a mhealladh ag méadú. Tá an margadh oideachais domhanda, trasnáisiúnta riachtanach do phróifíl idirnáisiúnta na hÉireann, mar atá léirithe i Stráitéis *Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2016-2020, Óilte in Éirinn, ceangailte ar fud an domhain'*.
- Tá athrú i dtreo foghlaim éascaithe ag an teicneolaíocht agus solúbtha i dtaobh am agus cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.
- Tá fostóirí agus fostaithe ag lorg foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le gairmeacha beatha solúbtha.
- De réir an Fhóraim Eacnamaíochta Domhanda, tá nósanna fostaíochta domhanda le haghaidh solúbthacht, athléimneacht agus inoiriúnaitheacht mar shaintréithe tábhachtacha le haghaidh gairmeacha beatha céimithe, ina bhfuil mórán athrú poist agus ina bhfuil tionchar na teicneolaíochta agus an uathoibriú chun tosaigh. De réir an OECD (2016), gheobhaidh 60% de mhic léinn atá ag dul isteach go dtí an ollscoil anois fostaíocht i bpostanna nach ann dóibh faoi láthair.
- Is é an aidhm atá ag an gclár AE don Taighde agus Nuálaíocht, Horizon 2020, ná chun iomaíocht domhanda na hEorpa a dhaingiú tré fhás agus postanna a chruthú chomh maith le céimeanna éifeachtacha chun tacú le forbairt tallain sa taighde agus sármhaitheas sa bhfiosrúchán le haghaidh oiliúna nua.
- Mar thoradh ar an méadú ar an éaghobhsaíocht geopholaitiúil domhanda, le hiarmhairí Breatimeacht san áireamh, tá níos mó neamhchinnteacht i measc margaí idirnáisiúnta.

Próiseas, Pleanála agus Cur i bhFeidhm

Forbaíodh an plean seo trí labhairt le mic léinn, ball foirne, alumni, gníomhaireachtaí seachtracha agus geallsealbhóirí príomhúla eile. Tá sé comhlínithe leis hAcht na nOllscoileanna, 1997. Tá sé ar an eolas faoi threochtaí idirnáisiúnta, polasaí náisúnta agus próisis bainistíochta riosca agus éiteas na hollscoile maidir le feabhsú caighdeáin.

Bhí an próiséas pleanála stiúraithe ag an gCoiste Bord Rialúcháin COC faoi Straitéis agus Nuálaíocht.

Sonraí an phlean:

- ár fís agus ár misean
- ár mbun-spriocanna
- straitéisí ag sonrú an dóigh a bhainfimid ár spriocanna amach ár spriocanna
- gníomhaíochtaí ag déanamh cur síos ar cad a bheidh á sholáthar againn idir 2017 agus 2022
- Spriocanna ag léiriú príomh-fheidhmiúcháin méadrach don ollscoil

Déanfar athbhreithniúcháin ar an bplean go bliantúil mar fhreagairt d'aon athrú sa timpeallacht sheachtrach agus déanfaidh an Foireann Bainistíochta Ollscoile athbhreithniúchain ar an dul chun cinn ar an bhfeidhmiúcháin gach sé seachtaine. Léiróidh an plean bliantúil na céimeanna don bhfeidhmiúcháin gach bliain. Déanfaimid athbhreithniúcháin bliantúil maidir leis an bhfeidhmiúcháin in aghaidh príomh spriocanna feidhmiúcháin agus cuirfimid feabhas ar na próiséis pleanála de réir an chleachtais is fearr.

Aithníonn COC an tábhacht a bhaineann le Rialachas maith le haghaidh seachadadh a seirbhísí do mhic léinn, an ról atá acu sa sochaí agus an bplean stráitéiseach seo a chur i bhfeidhm.

Táthar ag súil le caighdeáin árd rialachais ón bpobal ollscoile. Tá na luachanna leagtha amach ar leathanach 19 den phlean seo mar bhunús de chinntí na hollscoile. Déanfaidh an Ollscoil a ndícheall thar thréimhse an phlean seo chun leibhéil freagracht, cuntasachta agus trédhearcadha a mhéadú.

Fís, Misean agus Luachanna

ÁR BHFÍS

Bheith chun tosaigh mar ollscoil de smaointeoirí neamhspleácha

ÁR MISEAN

Eolas a chruthú, a thuiscint agus a roinnt agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách

ÁR LUACHANNA

Ár mbunluachanna a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag ár ngníomhaíochtaí agus ár bpróisis

CRUTHAITHEACHT

MEAS

SAOIRSE TUAIRIMÍOCHTA

MACÁNTACHT

ÉAGSÚLACHT

COMHIONANNAS

SCOLÁIREACHT

TRÉDHEARCACHT

SOFHREAGRACH

Ár mbunluachanna a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag ár ngníomhaíochtaí agus ár bpróisis:

- cruthaitheacht
- sofhreagracht
- trédhearcacht
- scoláireacht
- saoirse tuairimíochta
- macántacht
- comhionannas
- éagsúlacht
- meas

Léireoimid na luachanna seo trí na cáilíochtaí seo a leanas a aithint agus a dhearbhú inár gcuid mac léinn agus inár gcuid foirne:

- ceannaireacht agus freagracht
- solúbthacht
- fiosrúchán agus turgnamhaíocht
- daoine a chumasú
- sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn leas agus folláine
- comhoibriú agus idirdhisciplíneacht

Spriocanna Straitéiseacha

Is é ár bpríomh-aidhm straitéiseach ná misean acadúil nuálach a sholáthar.
Is iad seo a leanas na spriocanna don misean sin:

SPRIOC A HAON

Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm a chuirfidh sár-eispéireas teagaisc agus foghlama atá mac léinn-lárnach ar fáil, agus le curaclam athnuaite, sofhreagrach, lárnaithe ar thaighde ina croílár.

SPRIOC A DÓ

Bheith chun tosaigh mar ollscoil maidir le taighde, fionnachtain, nuálaíocht, fiontraíocht, tráchtálaíocht, agus imbhualadh sochaíoch.

SPRIOC A TRÍ

Luach a chruthú dár bpobal trí dhearcadh idirnáisiúnta trí pháirt a ghlacadh go feasach agus go cruthaitheach i gceisteanna áitiúla agus domhanda.

SPRIOC A CEATHAIR

Foireann den gcaighdeán is airde a mhealladh, a fhorbairt, agus a choimeád agus dá thoradh go mbeadh éagsúlacht sa bhfoireann sin agus go ndéanfaí iad a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach.

SPRIOC A CÚIG

Ár mbonneagar agus ár mbun-acmhainní a neartú.

Tríd ár misean acadúil nuálach, beidh ar ár gcumas:

- fiosrúchán oscailte agus riosca turgnamhaíoch a chur chun cinn i ndisciplíní na n-eolaíochtaí, sláinte, eolaíochtaí sósialta, dlí, gnó, agus na daonnachtaí.
- tús áite a thabhairt don teagasc agus foghlaim do mhic léinn i dtimpeallacht a sholáithríonn spás smaointeoireachta don ball foirne agus do mhic léinn (a fhoghlaimíonn de réir a rithime féin agus a dhéanann taifead ar a ndul chun cinn féin);
- an guth áitiúil a neartú maidir le dúshláin dhomhanda.
- Plean infreastruchtúir agus caipitil a chruthú chun an misean acadúil a chur i gcrích trí spás a sholáthair agus faoireann chun idirdhisciplíneacht a éascú.

Trí éiteas atá bunaithe go láidir ar chaighdeán feabhsaithe a chur chun cinn bainfimid leas as ár bpróisis chaighdeáin chun an cleachtas is fearr i leith chultúir agus eispéiris a dheimhniú maidir lenár misean acadúil, ag léiriú ár dtiomantas don éabhlóid agus feabhsúchán leanúnach.

Bearta Tosaíochta

01 Is iad ár mic léinn agus a n-eispéireas foghlama ár dtosaíochtaí. Cuirfimid misean acadúil nuálach agus éagsúil ar fáil atá tiomnaithe ar scoláireacht agus oideachas ag teorainn agus imeall an fhiosrúcháin Cruthóidh nasc le tionscail agus pobal an réigiúin chun bheith i gcomhpháirt le hinstitiúidí ceannródaíocha an domhain agus tabharfaimid tús áite don teagasc agus foghlaim do mhic léinn i dtimpeallacht ina bhfuil spás le haghaidh smaointeoireachta don bhfoireann agus do mhic léinn. Foghlaimeoidh mic léinn de réir a rithime féin. Méadóimid líon na mac léinn faoi 2,000, ó 21,000 go 23,000.

02 Neartófar eispéireas na mac léinn trí chlár uaillmhianach chun áiseanna COC a fhorbairt. Méadófar an spás ar an gcampas faoi 20%. Fobróimid Mol na Mac Léinn chun tacú lenár straitéis acadúil nuálach, cuirfimid 600 spás lóistín do mhic léinn ar fáil agus forbróimid ar áis spóirt faoin spéir den scoth. Méadóidh fás an champas imeascadh agus comhoibriú i ngach discipín. I measc na bhforbairtí tá Scoil an Leighis Chliniciúil, An Scoil Fiaclóireachta, Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí, Scoil na nEolaíochtaí Beatha, agus na foirgnimh Innealltóireachta agus an chéad chéim den Plean Spáis agus Infreastruchúir le haghaidh na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, an Mol Cruthaitheach san áireamh. Tógfaimid áiseanna le haghaidh Scoil ar Dlí agus Leabharlann COC. Tá sé mar phlean againn athchóiriú a dhéanamh ar áiseanna atá ann cheana chun caighdeáin den scoth a chur ar fáil, an Áras Kane san áireamh. Forbróimid an foirgneamh don Mol Nuálaíochta Sláinte ag Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí.

03 Tabharfaimid an deis dár bhfoireann barr feabhais a bhaint amach sa taighde, teagasc agus foghlaim. Déanfaimid curaclam athnuaite freagrúil a sholáthar atá lárnaithe ar thaighde chun barr feabhais agus tiochar COC sa taighde a neartú. Déanfaimid ceapacháin acadúla straitéiseacha agus cabhróimid chun an chéad ghlún eile de cheannairí taighde a chruthú. Táimid tiomnaithe d'aidhmeanna Chairt Athena Swan agus táimid dírithe ar dhul chun cinn comhionannas inscne sa saol acadúil. Cuirfimid COC chun cinn mar láthair tharraingteach chun an fhoireann is cumasaí a mhealladh agus a choimeád.

04 Tá rannpháirtíocht réigiúnach agus náisiúnta lárnach dár bplean. Beimid i gcomhpháirt le pobail chun Corcaigh a neartú mar chathair fhoghlama. Leanfaimid lenár gcomhpháirtíocht le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus soláithróirí oideachais eile, an earnáil bhreisoideachais san áireamh. Leanfaimid ag obair ar bhonn náisiúnta chun cumas chóras an ardoideachais in Éirinn feidhmiú i dtimpeallacht iomaíoch, domhanda.

05 Neartófar rannpháirtíocht idirnáisiúnta agus idirnáisiúnú na hollscoile tríd an gcóras alumni idirnáisiúnta COC, i gcomhpháirtíocht le líon ollscoileanna ceannródaíocha idirnáisiúnta agus ag cruthú cultúr soghluaisteachta domhanda. Tabharfaimid isteach 700 mac léinn lasmuigh den AE agus 400 mac léinn ón AE chun líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú faoi 1,100.

06 Méadóimid ioncaim ó fhoinsí daonchairdiúla faoi €100m thar thréimhse an phlean agus tiocfaimid ar fhoinsí nua ioncaim.

WHERE
FINBARR TAUGHT LET MUNSTER
LEARN

SPRIOC A HAON

Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm a chuirfidh sár-eispéireas teagaisc agus foghlama atá mac léinn-lárnach ar fáil.

STRAITÉISÍ

Is iad ár straitéisí chun an sprioc seo a bhaint amach ná:

- teagasc, foghlaim, agus measúnúchán den chéad scoth a sholáthair, bunaithe ar thaighde domhanda, agus curtha i láthair ag foireann a bhfuil tacaíocht acu chun cleachtas proifisiúnta a fhorbairt ar bhonn leanúnach;
- misean taighde na hollscoile a chur chun cinn agus a neartú tríd an gcuraclam;
- tús áite a thabhairt don staidéar idirdhisciplíneach mar straitéis acadúil lárnach;
- deiseanna a thabhairt do mhic léinn creidiúintí a ghnothú trí rochtain chuig foghlaim agus chuig scileanna céimithe a fhorbairt do mhic léinn, deiseanna chun páirt a ghlacadh sna healaíona cruthaitheacha, foghlaim teangacha agus fionnachtain;
- solúbthacht a chinntiú i soláthar clár agus clár ar líne agus rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus deiseanna CPD níos fearr;
- comhoibriú le hinstitiúidí comhpháirtíochta i gcláir agus rannpháirtíocht i bhforbairt clár seachtracha, soláthar agus foghlaim mac léinn mar chuid den straitéis rannpháirtíochta institiúideach;
- cláir uaillmhianacha a sholáthar chun tacú le agus dúshlán a thabhairt do mhic léinn fíor-chumasacha;
- caidrimh sheachtracha a chruthú agus a chaomhnú, cosúil leis an Fóram Náisiúnta um Teagasc agus Foghlaim a Fheabhsú agus an Fóram Réigiúnach Scileanna;
- an cultúr láidir de rannpháirtíocht mac léinn a fhorbairt níos mó chun go mbeadh mic léinn páirteach i gcinnteoireacht institiúideach;
- leanúint lenár dtiomantas maidir le rannpháirtíocht agus rochtain do mhic léinn a mhéadú, ag cruthú timpeallacht a chuireann éagsúlacht agus comhionannas chun cinn;
- seirbhísí tacaíochta láidre a sholáthair do mhic léinn chun freastal ar a bhfolláine agus ar a leas;
- áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire fheabhsú chun deiseanna níos fearr a thabhairt do mhic léinn páirt a ghlacadh ann.

BEARTA

01 Mol mac léinn fisiciúil agus ar líne a chruthú chun misean acadúil na hollscoile a bhaint amach agus chun eispéireas atá lárnaithe ar an mac léinn, acadúil agus seach-churaclam a fhorbairt.

02 Eispéiris fhoghlama níos doimhne a sholáthair trí dhul i ngleic ar bhonn leanúnach leis an cóimheas idir mhic léinn agus foireann, trí thaighde mac léinn a spreagadh i gcláir bhunchéime agus forbairt scileanna a chur chun cinn trí shocrúchán mar chleachtadh, modúil uile-ollscoile agus eispéireas saotharlainne feabhasaithe do mhic léinn STEM.

03 Scileanna céimithe domhanda a neartú trí rannpháirtíocht le fostaitheoirí tríd an Fóram Réigiúnach Scileanna agus fóraim eile, ag cruthú cláir idirdhisciplíneacha i gColáiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus Eolaíochtaí Sóisialta; Gnó agus Dlí; Leigheas agus Sláinte; agus Eolaíocht, Innealltóireacht agus Eolaíocht Bhia, agus roghanna céime a thabhairt isteach chun deiseanna níos fearr a sholáthair do shocrúcháin mar chleachtadh.

04 Eispéiris teagaisc agus foghlama mac léinn a fheabhsú trí mheasúnnú, aiseolas agus próisis suirbhé a fheabhsú trí pholasaí measúnúcháin, ag méadú foghlaim ar feadh an tsaoil ar líne, níos mó Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus Bailíochtú don bhFoghlaim Neamhfhoirmeálta agus Foghlaim Fhoirmeálta (VNIL) san áireamh, agus trí rochtain a chur ar d'fhorbairt dhigiteach liteartha. Fáil d'fhorbairt dhigiteach liteartha.

05 Idirnáisiúnú a iochorprú níos doimhne san ollscoil trí líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú. Méadóidh sé seo idirnáisiúnú an churaclaim agus neartóidh sé an cultúr gluaiseachta domhanda, laistigh agus lasmuigh den ollscoil, don bhfoireann agus do mhic léinn. Méadaigh líon na mac léinn ag fanacht thar lear faoin gclár AE Erasmus+ agus in ollscoileanna comhpháirtíochta COC ar fud an domhain. Tacaigh le straitéis fhorbartha domhanda tríd an Ionad don bhForbairt Dhomhanda.

06 Céimeanna a thógaint chun creidiúnú agus aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach agus a choimeád, an créidiúnú ón Association to Advance Collegiate Schools of Business (AACSB) le Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí san áireamh. Tacaíocht a thabhairt do dhisciplíní i dtaobh stádais rangúcháin dhomhanda na hollscoile a fheabhsú agus líon níos mó disciplín a chumasú chun rangúchán den 200 ollscoil is fearr a bhaint amach. Déan forbairt níos mó ar CUBS and dean ionchorprú de IMI laistigh de COC chun an t-oideachas feidhmeannach atá ar fáil do chéimithe agus do thionsclaíocht a fheabhsú.

07 Bain leas as Clár Quercus na Mac Léinn Tréitheach chun mic léinn a mhealladh agus a choimeád tríd an gclár a sholáthair go hiomlán do mhic léinn iarchéime.

08 Seirbhísí tacaíochta do shláinte, agus sábháilteacht mac léinn a fheabhsú trí réimse seirbhísí meabhairshláinte a mhéadú agus trí chéimeanna agus idirghníomhaíochtaí a thabhairt isteach chun an díobháil bainteach le mí-usáid substaintí a laghdú.

09 Áiseanna spóirt faoin spéir den scoth a fhorbairt chun sár-lúthchleasaithe a mhealladh agus chun tacú le caitheamh aimsirí fisiciúla na mac léinn.



SPRIOCANNA

- Méadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta faoi 33%, ó 3,300 go 4,400.
- 26% d'iontógáil mac léinn a bhaint amach trí chonair iontrála Access.
- Rátaí coinneála mac léinn de 92% a bhaint amach tar éis na chéad bhliana agus 92% tar éis na dara bliana.
- Cabhraigh le 95% de chéimithe príomhúla fostaíocht a fháil nó dul i mbhun breis staidéir.
- Méadaigh clarúcháin mac léinn CPD ó 200 go 500.
- Méadaigh líon na mac léinn ACE ó 2,800 go 3,000.
- Deimhnigh go bhfuil 22% de mhic léinn ag staidéar go páirtaimseartha nó ag usáid foghlaim solúbtha.
- Méadaigh spásanna lóistín mac léinn faoi úinéireacht COC ó 1,400 go 2,000.

SPRIOC A DÓ

Bheith chun tosaigh mar ollscoil maidir le taighde, fionnachtain, nuálaíocht, fiontraíocht, tráchtálaíocht agus imbhualadh sochaíoch



STRAITÉISÍ

Is iad ár straitéisí chun an sprioc seo a bhaint amach ná:

- tús áite a thabhairt d'acmhainní taighde sna réimsí taighde is mó tábhacht ar leibhéal idirnáisiúnta agus infheistiú i réimsí taighde éiritheacha inar féidir linn a bheith mar cheannairí;
- gníomhaíochtaí taighde a nascadh le chéile trí chnuasú chun taireseach chriticiúil a bhunú in aonaid thaighde, agus ag cumasú an taighdeora aonair ag an am céanna;
- tionscadail thaighde idirdhisciplíneacha ollmhóra agus réimsí nua taighde chun freastal ar thosaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn; tacú le taighdeoirí ag obair i ngrúpaí nó ina n-aonar ag gach leibhéal agus stáitse gníomhaíochta;
- tacaíochtaí inniúlacha agus infreastruchtúir a fhorbairt le haghaidh taighde idirdhisciplíneach;
- infreastructúr agus polasaithe a chothú a uasmhéadaíonn an poitéinsiúil taighde atá ag taighdeoirí COC agus a dhearbhaíonn go gcomhlíontar eitic thaighde;
- teacht ar chomhaontú maidir le frámaíocht dhisciplín oiriúnach nó réimse táscairí chun an tionchar ar an sochaí a mheasúnú;
- ceannaireacht náisiúnta a bhaint amach i réimsí lárnacha taighde, i gcomthéacs thionchar an taighde, agus de réir nósanna smachtaithe agus tiochar ar pholasaithe ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE;
- tarraing síos infheistiú náisiúnta sa taighde trí rannpháirtíocht agus ceannaireacht i dtionscadail mhóra thaighde san Eoraip;
- próifíl idirnáisiúnta COC a fheabhsú mar ionad sármhaithis le haghaidh traenáil sa taighde agus dearbhaigh go bhfuil an ollscoil mar láthair roghanna do thaighdeoirí iomaíocha sóisearacha agus sinsearacha;
- cionroinn maoiniú taighde ó fhoinsí neamh-státchiste a mhéadú, ag díriú ar fhoinsí maoiniú mór le rá, chomh maith le maoiniú ón AE agus ó fhoinsí tionsclaíochta;
- caighdeán oideachais dochtúra a fheabhsú níos mó chun a chinntiú go bhfuil céimithe réidh le haghaidh réimse gairmeacha beatha rathúla;
- dul i gcomhpháirt le hinstitiúidí Éireannacha agus idirnáisiúnta chun barr feabhais sa taighde a chur ar fáil;
- caidrimh le hinstitiúidí a bhunú chun tráchtálaíocht thaighde agus traschur teicneolaíochta a bhrú chun cinn trí cheadúnú agus paitinní, trí chruthú comhlachtaí mac-chuideachta agus trí thacú le gnólachtaí nuathionscanta seachtracha;
- rannpháirtíocht na mac léinn agus na mball foirne i leith smaointeoireacht fhiontraíoch a chur chun cinn;
- obair leis an IMI chun buntáistí an chumaisc a uasmhéadú do CUBS, an ollscoil agus feidhmeannacht agus oideachas gnó in Éirinn;
- stádas COC a fheabhsú mar sholáithróir rogha le haghaidh sainchomhairleoireacht thaighde i réimsí lárnacha;

BEARTA

10 Cáil COC don sármhaitheas agus tionchar sa taighde a fheabhsú trí:

> ceapacháin straitéiseacha a dhéanamh, ag gach leibhéal le poitéinsiúil dámhachtainní ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC), ag cinntiú go bhfuil siad ailínithe le réimsí lárnacha taighde ata ann agus nua;

> tacaíochtaí taighde agus infreastruchtúir a sholáthair chun cabhrú le taighdeoirí COC a n-aidhmeanna a bhaint amach agus chun an chéad ghlún eile de cheannairí taighde a chothú;

> cinntiú go bhfuil conair ó chruthú eolais go dtí taighde agus nuálaíocht agus go tionchar agus rannpháirtíocht sheachtrach, agus go bhfuil tacaíocht ag taighdeoirí chun tionchar a dtaighde a chur in iúl;

> líon na n-aschur taighde a mhéadú, leabhair agus foinsí neamh-thraidisiúnta san áireamh;

> luach rochtain oscailte chuig taighde COC a chur chun cinn chun infheictheacht agus líon na luanna a mhéadú;

> tacú le hiompar taighde de réir na gcaighdeán is airde agus traenáil a chur ar fáil do thaighdeoirí chun na caighdeáin seo a bhaint amach;

> leas a bhaint as méadracht oiriúnach, dea-shainithe agus éirimiúil chun sármhaitheas agus tionchar taighde a mheasúnú, agus ag cinntiú go bhfuil na cuspóirí atá á meas ag na méadracht seo follasach agus uaillmhianach;

> straitéis rannpháirtíochta thaighde a fhorbairt chun go mbeadh COC ábalta dul i bhfeidhm ar pholasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

11 Gníomhaíochtaí taighde gaolta a thabhairt le chéile chun tacú le taighde agus chun cabhrú le fás téamaí idirdhisciplíneacha nua, agus ag tacú le taighdeoirí aonair ag an am céanna; Na réimsí seo a nascadh le tosaíochtaí inmheánacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag COC. Beidh an fócas institiúideach ar théamaí idirdhisciplíneacha faoi thionchar Athbhreithniú ar Chaighdeán Taighde COC 2015 agus spriocanna forbartha inbhuanaithe na NA. I measc na n-ábhar spéise sa taighde idirdhisciplíneach ardleibhéil, tá inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide, teicneolaíochtaí éiritheacha agus teicneolaíochtaí don todhchaí, seirbhísí airgidis agus gnó, saoránacht chruthaitheach ghníomhach áitiúil agus domhanda, agus galair ainsealacha agus bia, sláinte agus folláine shóisialta.

12 An deis a thabhairt do COC taighdeoirí cumasacha ag gach chéim dá ngairmeacha beatha a mhealladh agus a choimeád, idir mhic léinn PhD agus Príomh-Imscrúdaitheoirí lárnacha domhanda, trí:

> struchtúir maidir le conair ghairme a chur i bhfeidhm chun taighdeoirí a mhealladh agus a choimeád agus trí dhul i ngleic le héagothromóidí inscne i ngairmeacha beatha agus i gceannaireacht;

> próifíl idirnáisiúnta COC a fheabhsú mar láthair sármhaithis le haghaidh traenáil taighdeoirí, trí chaighdeán oideachais dochtúra a fheabhsú níos mó, agus trí traenáil struchtúrtha agus tacaíocht agus timpeallacht oiriúnach a sholáthar;

> dreasachtaí a sholáthair, ag cinntiú go bhfuil sár-mhaitheas sa taighde agus sa nuálaíocht mar dhlúthchuid den chritéir le haghaidh ardú céime acadúil.

13 Méadaigh tionchar COC ar an sochaí, an eacnamaíocht agus an pobal trí:
- > rannpháirtíocht leis an rialtas, gníomhaireachtaí forbartha, eagraíochtaí proifisiúnta, gnó agus tionsclaíocht agus an pobal ar fad chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a spreagadh;
- > rannpháirtíocht agus tacú le SMEs dúchasacha agus cabhrú le gnóanna Éireannacha éiritheacha agus le gnóanna teaghlaigh;
- > cuibhreannas de pháirtnéirí straitéiseacha a threorú sa Bridge Network Consortium (maron le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Institiúid Theicneolaíochta Thrá Lí, agus Teagasc) chun barr feabhais a sholáthair sa traschur eolais;
- > athbhreithniú leanúnach a sholáthar ar phróisis traschuir theicneolaíochta COC chun cabhrú le rochtain sheachtrach go háitribh intleachtúla na hollscoile, de réir chleachtais idirnáisiúnta;
- > comhleanúnachas a chinntiú idir gach gné den nuálaíocht i COC, aistriú eolais agus tráchtálaíocht, oideachas, fiontraíocht agus comhairliúchán san áireamh;
- > córas gairmiúil tionsclaíochta COC chomh maith le meantóirí gnó, fiontróirí agus comhairleoirí a fhorbairt chun cur leis an gcaighdeán tacaíochta atá ar fáil d'fhiontróirí COC.

14 Méadaigh cumas COC don bhfiontraíocht agus do dhéantús poist trí:
- > cruthú céimeanna agus tacaíochtaí chun cabhrú le foireann COC maidir le tráchtalaíocht nuálaíochtaí taighde;
- > forbairt ar Pháirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí agus oscailt an chéad fhoirgnlmh CSAIP (áis le haghaidh an Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann);
- > fiontraíocht a spreagadh mar dhlúthchuid den oideachas bunchéime agus iarchéime;
- > bacainn a aithint agus a réiteach, maidir le haschur fiontraíoch ó pheirspictíoch na mac léinn, na mball foirne, alumni, agus tionsclaíocht sheachtrach;
- > cumas goradáin agus spás leantach laistigh de COC a fhorbairt;
- > rannpháirtíocht idir an ollscoil agus tionsclaíocht a mhéadú chun tuiscint níos fearr ar chumais agus deiseanna commónta a chruthú;
- > an cur chuige i leith ghníomhaíochtaí fiontraíochta na hollscoile a fhorbairt maidir le straitéis, brandáil, comhordú agus acmhainní a chur ar fail.

15 Cur leis an Institiúid Micreabhithóm APC agus an comhaontas straitéiseach COC-Teagasc, agus institiúid bia a bhunú i COC le haghaidh bia inbhuanaithe, cothú, córais bhia agus gníomhaíochtaí le gnóanna bia a chur chun cinn.

SPRIOCANNA

- Ioncam taighde a chaomhnú ag níos mó ná €90 milliún in aghaidh na bliana agus maoiniú ó fhoinsí neamh-stáchiste a chaomhnú níos mó ná 30% in aghaidh na bliana.
- Leanúint ag sárú meánlíon an AE i rátaí ratha maoiniú ó Horizon 2020.
- Modhanna aschuir taighde a mhéadú, tionchar luanna, monagraif agus aschuir Neamh-thraidisiúnta i ngníomhaíochtaí taighde san áireamh. Méadaigh taibhiú i ngníomhaíochtaí straitéiseacha go leibhéal níos airde ná an meánlíon don tionchar domhanda do na réimsí disciplín oiriúnacha.
- Méadaigh líon na ngradam ón Comhairle Eorpach um Thaighde go ceithre Starter Grant, trí Consolidator Grant agus dhá Advanced Grant.
- Céim dochtúireachta a bhronnadh ar 250 mac léinn in aghaidh na bliana.
- 20 comhlacht mac-chuideachta féideartha atá réidh le hinfheistiú a bhunú.
- Tacú le bunú 100 comhlacht faoi cheannaireacht chéimithe trí Clár Ignite COC.
- Cabhair a sholáthair do 125 fiontair tráchtála trí Blackstone Launchpad.

SPRIOC A TRÍ

Luach a chruthú dár bpobal trí dhearcadh idirnáisiúnta trí pháirt a ghlacadh go feasach agus go cruthaitheach i gceisteanna áitiúla agus domhanda.

STRAITÉISÍ

Is iad ár straitéisí chun an sprioc seo a bhaint amach ná:

- cosaint a thabhairt don pobail ina rannpháirtíocht le ceisteanna áitiúla agus domhanda trí eolas a chur ar fáil agus fiosrúchán agus díospóireacht a spreagadh;
- gníomhú mar ghuth neamhspleách i ndíospóireacht phoiblí agus obair leis an rialtas maidir le clár oibre a leagadh amach don ardoideachas in Éirinn agus san Eoraip;
- ár ngníomhaíochtaí sibhialta agus pobail a nascadh le chéile níos mó agus iad a dhéanamh níos sofheicthe;
- aitheantas seachtrach COC a neartú mar láthair idirnáisiúnta thaighde, teagasc, nuálaíocht agus ceannaireacht sa smaointeoireacht, agus de thoradh ar sin ag cur le dul chun cinn an phobail, an tsochaí agus na heacnamaíochta;
- caidrimh a forbairt le fostaitheoirí, eagraíochtaí proifisiúnta, tionsclaíocht, agus an pobal chun dul i ngleic le ceisteanna áitiúla agus domhanda trí phortfóilió acadúil, for-rochtain oideachasúil, agus tionscadail shóisialta, chultúrtha agus phobail;
- gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh athruithe agus cruthaitheacht, ag cruthú nascanna, comhpháirtíochtaí agus cleachtais, agus ag roinnt eolais agus saineolais;
- rannpháirtíocht chultúrtha a fheabhsú go náisiúnta agus laistigh den réigiún agus pobail chun na hamharc-ealaíona, na taibh-ealaíona agus na healaíona cruthaitheacha agus oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn;
- éagsúlacht thaingeolaíoch a chur chun cinn san ollscoil agus sa chathair;
- an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn;
- nascanna na hollscoileanna le gníomhaireachtaí laistigh de réimse an Ardoideachais san Eoraip a fhorbairt níos mó chun rannpháirtíocht straitéiseach níos doimhne a fhorbairt leis an bpolasaí polaitiúil agus an tírdhreach maoiniú;
- comhoibriú le hollscoileanna Éireannacha agus an córas ardoideachais réigiúnach i gcomthéacs thionscadail náisiúnta oiriúnacha;
- cabhrú le forbairt leanúnach phobail fhoghlama agus tacaíocht a thabhairt do Chorcaigh mar Cathair Fhoghlama UNESCO;
- comhaontais straitéiseacha a forbairt le hollscoileanna phiara idirnáisiúnta;
- cabhrú le córais alumni dhomhanda caidrimh a spreagadh agus tiomantas níos láidre a spreagadh maidir le hobair dheonach, gníomhaíocht tiomsaithe airgid, agus soláthar saineolais do phobal na hollscoile;
- tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha maidir le rannpháirtíocht le pobail atá ann cheana féin agus pobail nua go háitiúil agus go hidirnáisiúnta agus caipitil oideachasúil, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn.

BEARTA

16 COC a bhunú mar ollscoil cheannródaíoch le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta pobail, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí thorthaí suirbhé ar Rannpháirtíocht Phobail Fhoireann COC Sa bhliain 2016 agus measúnúchán Carnegie 2017 a chur i bhfeidhm mar seo a leanas:

> ról tacaíochta do rannpháirtíocht phobail a chruthú;

> múnlaí rannpháirtíochta feabhsaithe á cur i bhfeidhm ag mic léinn agus baill foirne;

> leanúint le forbairt phobail for-rochtana agus comhaontais phobail, tiomantas COC i leith na Gaeilge san áireamh.

Dreasachtaí agus tionscnaimh thacaíochta a fhorbairt don pobal foghlama agus taighde chun dul i bpáirt leis an rialtas, le heagraíochtaí proifisiúnta agus tioscnaimh rannpháirtíocht phobail, an CARL (Nascanna idir an Pobal agus an Saol Acadúil) agus Campus Engage ina measc, chun tionchar sóisialta, cultúrtha, agus polasaí-lárnaithe a chruthú agus chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don obair dheonach a dhéanann mic léinn agus baill foirne.

17 Múnlaí rannpháirtíochta nua a chur i bhfeidhm le alumni agus cairde agus struchtúir agus próisis rannpháirtíochta a neartú.

18 Cumais agus tiomantas margaíochta agus cumarsáide COC a mhéadú trí:

> cur chuige aontaithe straitéseach a chur i bhfeidhm maidir le margaíocht agus cumarsáid;

> moltaí le haghaidh feabhsúcháin ó cheacht tagarmharcála le hollscoileanna comparáide a chur i bhfeidhm le haghaidh feabhsúcháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht In 2017 - 2018;

> iniúchadh a dhéanamh ar cháil na holllscoile agus na torthaí a chur i bhfeidhm.

19 COC a nascadh níos mó lena bpairtnéirí cúram sláinte sa teagasc, taighde, agus seirbhísí cliniceacha in Ionad Cúram Sláinte Acadúil chun foráil cúram sláinte a dhearbhú amach anseo trí theagascóirí a thabhairt le chéile, trí dhearbhú go mbeidh cúrsaí tiaghde fréamahaithe sa chleachtas cliniceach i gcónaí agus trí chinntí a dhéanamh faoi threoir thaighde agus cleachtas idirnáisiúnta.

20 Leanúint leis an rannpháirtíocht ghníomhach sa Deich mBliana do na Cuimhneacháin Chéad Bliain, ag baint leas as an Atlas of the Irish Revolution (Preas Ollscoil Chorcaí, 2017) agus as tionscadail mhóra eile. Cómoradh a dhéanamh ar bhunú na hollscoile in 1845 trí leanúint le tionscadail stairiúla ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

SPRIOCANNA

- 100 tionsadal d'ard-chaighdeán le grúpaí sibhialta agus pobail.
- 10 gcaibidil alumni a bhunú i láthair lárnacha ar fud an domhain.



SPRIOC A CEATHAIR

Foireann den gcaighdeán is airde a mhealladh, a fhorbairt, agus a choimeád agus dá thoradh go mbeadh éagsúlacht sa bhfoireann sin agus go ndéanfaí iad a chumasú chun barr a gcumais a bhaint amach.

STRAITÉISÍ

Is iad ár straitéisí chun an sprioc seo a bhaint amach ná:

- an eagraíocht a fhorbairt chun a dhearbhú go bhfuil an ollscoil ag rialú le freagrúlacht, éifeachtúlacht agus solúbthacht;
- meas a léiriú ar gach ball foirne mar chuid de phobal ollscoile amháin ag comhoibriú ar mhaithe leis an ollscoil;
- cumas ceannaireachta agus bainistíochta a neartú;
- comhchomhairle agus rannpháirtíocht le baill foirne a fheabhsú níos mó trí chumarsáid trédhearcach;
- soláthar seirbhíse agus tacaíocht a fheabhsú don bhfoireann acadúil trí fheidhmeanna riaracháin agus tacaíochta a ath-eagrú agus trí phróisis riaracháin níos fearr a chruthú;
- an fhoireann a fhorbairt agus a choimeád ar bhonn leanúnach trí thimpeallacht oibre dhearfach a sholáthair;
- an próiseas earcaíochta a neartú chun an fhoireann is fearr sa mhargadh domhanda a fhostú, ag tabhairt tús áite d'iarrthóirí le taithí idirnáisiúnta suntasach;
- Timpeallacht thaighde dinimic agus tacúil a sholáthair a chuirfidh lenár staid mar ollscoil thaighde cheannródaíoch;
- rannpháirtíocht leis an rialtas chun acmhainní daonna a sholáthair chun foireann den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád;
- tacaíocht don bhfoireann a fheabhsú trí ionduchtú feabhsaithe, cláir fholláine don bhfoireann agus forbairt ghairmiúil;
- conradh oibre seasmhach a chur i bhfeidhm do gach ball foirne;
- struchtúir ghairmeacha beatha feabhsaithe a fhorbairt, conair ghairme sa taighde san áireamh, comhlínithe le polasaí náisiúnta;
- leanúint leis an dtiomantas chun labhairt le baill foirne agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar son bhaill foirne, agus dá thoradh timpeallacht fhostaíochta dhearfach a chinnntiú;
- ár bprionsabail maidir le cothroime, comhionannas agus meas do cách a athnuachan agus prionsabail Cairt Athena SWAN a chur i bhfeidhm inár bpolasaithe, ár gcleachtais agus cultúr.

BEARTA

21 Infreastruchtúr a sholáthair le hagaidh tionscadail, comhionannais, atá freamhaithe sa bhforbairt polasaithe agus cur i bhfeidhm, seirbhísí bainteach le comhionannas agus feidhmeanna a chomhordú agus cur comhionannas agus éagsúlacht chun cinn ar fud na hollscoile tríd an Aonad Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsiú. Cur plean Gníomhartha COC le haghaidh Athena SWAN i bhfeidhm agus faigh athnuachan don creidiúnú Athena Swan.

22 Tacaíocht a sholáthair do bhaill foirne maidir le dul i ngleic le téamaí idirdhisciplíneacha ar bhunús saineolais agus caidrimh phroifisiúnta.

23 Cumas COC a neartú chun foireann acadúil a mhealladh agus a choimeád agus aitheantas idirnáisiúnta d'fhoireann COC a mhéadú trí phróisis phromóisean rialta agus sruthlíneacha trí thorthaí an athbhreithniú ar phromóisean acadúil a chur i bhfeidhm.

24 Forbairt cheannaireachta a neartú trí pháirt a ghlacadh i gclár ceannaireachta san ollscoil ar fad agus tacú le ceannaireacht aonair.

25 Athbhreithniú a dhénamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta acmhainní daonna COC agus torthaí a chur i bhfeidhm chun solúbthacht a mhéadú i dtimpeallacht oibriúcháin atá ag athrú go fíor-thapaidh.

SPRIOCANNA

- Trí roinn in aghaidh na bliana ag fáil an gradam cré-umhaí Athena SWAN le haghaidh comhionannas inscne.
- Cinntiú go ndéanann 90% den bhfoireann i rólanna ceannaireachta an clár ceannaireachta forbartha.
- Méadaigh an líon den bhfoireann acadúil le céimeanna dochtúra ó 77% go 85%.

SPRIOC
A CÚIG

Ár mbonneagar agus ár mbun-acmhainní a neartú.

UCC
UCC

STRAITÉISÍ

Is iad ár straitéisí chun an sprioc seo a bhaint amach ná:

- éifeachtúlacht agus luach airgid a uasmhéadú trí gach bealach;
- foinsí neamh-státchiste atá ann faoi láthair agus foinsiú maoiniú nua a aithint;
- dul sa tóir ar bhronntóirí agus alumni chun maoiniú daonchairdiúil a mhéadú;
- rannpháirtíocht leis an rialtas agus geallsealbhóirí eile chun múnla maoiniú substaintiúil a chruthú don ardoideachas;
- cáil inbhuanaitheachta COC a fheabhsú mar an chéad 'green university' in Éirinn;
- córais ICT a ionchorprú agus seirbhísí eolais fheabhsaithe a fhorbairt san ollscoil ar fad;
- rialachas éifeachtach, trédhearcach agus freagrach a sholáthair;
- lean le forbairt an champas chun caighdeán ard a bhaint amach chun eispéireas COC a fheabhsú agus chun cur le híomhá chultúrtha Chorcaí.

BEARTA

26 Plean cúig bliana do chlárú agus earcú mac léinn a chruthú faoi stiúir straitéis acadúil na hollscoile a leagfaidh amach plean airgidis COC agus a thacóidh le rátaí rannpháirtíochta agus polasaí náisiúnta.

27 Oibriú le geallsealbhóirí chun frámaíocht maoiniú nua a bhaint amach a thacaíonn le 'hathrú i leibhéil chaighdeáin, tacaíocht airgidis chuimsitheach do mhic léinn, agus cóir níos iomláine do mhic léinn bhuncéime, iarchéime, agus pháirtaimseartha.' Tá sé seo ag tacú le Infheistiú san Uaillmhian Náisiúnta: Maoiniú don Ardoideachas. Gníomhaireachtaí oiriúnacha chun struchtúir maoiniú Rannpháirtíocht leis an rialtas agus gníomhaireachtaí oiriúnacha chun struchtúir maoiniú agus tacaíochtaí a chruthú don oideachas iarchéime don Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) leibhéil 9 agus 10.

28 Ioncaim COC a ardú trí chumas agus éifeachtúlacht maoiniú daonchairdiúil a mhéadú agus trí chumas tuillimh sócmhainní an champas a uasmhéadú. Feachtas tiomsaithe airgid a chur le chéile, a sheoladh agus a sholáthair chun tosaíochtaí straitéiseacha COC a bhaint amach.

29 Eastáit agus infreastruchtúr na hollscoile a mhéadú agus a fheabhsú trí áiseanna nua a thógáil agus a choimisiúnú:

> Mol na Mac Léinn;
> Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí;
> Scoil na Fiaclóireachta;
> Scoil Leighis Chliniciúil;
> Áis do Mhol Nuálaíochta Sláinte na hÉireann;
> céim a haon den bPlean Spáis agus Infreastruchtúr do na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear Mol Cruthaitheach;
> Áras Innealtóireachta;
> Áras Eolaíochtaí Bheatha;
> cóiríocht do mhic léinn;
> Áiseanna spóirt.

Ina theannta sin, tosnú ar thógáil áiseanna do Scoil na Dlí agus ásieanna feabhsaithe do leabharlann COC,an t-athchóiriú ar Áras Kane a chríochnú, agus cur chuige nua a chruthú maidir le pleanáil agus forbairt chaipitil i gcomhthéacs fás déimeagrafach agus riachtanais maidir leis an Frámaíocht Phleanála Náisiúnta go dtí 2040.

30 Córais eolais a fhorbairt agus a íonchorprú níos mó chun seirbhísí don bhfoireann agus do mhic léinn a fheabhsú, bailiúcháin leabharlainne agus cartlainne suntasacha breise a fháil chun tacú le teagasc agus taighde agus plean ionaid caipitil a chur i bhfeidhm le haghaidh infreastruchtúir ICT.

31 Próisis na hollscoile a shímplú trí rannpháirtíocht a mhéadú le modheolaíochtaí agus próisis feabhsúcháin leanúnacha chun coigilteas agus feabhsúcháin éifeachtúlachta suntasacha a bhaint amach.

32 Straitéis Inbhuanaitheachta COC 2016 a chur i bhfeidhm chun inbhuanaitheacht a mhéadú trí spriocanna inbhuanaitheachta, agus cur i bhfeidhm a bheith mar chuid d'oibríochtaí oideachasúla, taighde, agus cúntacha na hollscoile, forbairt infreastruchtúir agus idirghníomhaíocht leis an bpobal. Mar thoradh ar seo, caomhneoimid agus feabhseoimid ár stádas mar cheann de na hollscoileanna Is glaise ar domhan.



SPRIOCANNA

- An farasbarr glan-ioncaim de 3% atá molta ag an OECD a bhaint amach roimh dheireadh thréimhse an phlean.
- €100m a bhailiú i ngealltanais ó fhoinsí daonchairdiúla.
- 30 post acadúil breise a mhaoiniú ó fhoinsí daonchairdiúla.
- Laghdú bliaintiúil in ídiú fuinnimh de 3% a bhaint amach i dtaca leis an sprioc náisiúnta chun astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 33% roimh 2020 i gcomparáid leis na leibhéil in 2000.

Aula Maxima



COLÁISTE NA HOLLSCOILE CORCAIGH
Bóthar an Iarthair, Corcaigh.
Teil: +353 (0)21 490 3000
www.ucc.ie

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh